Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/132

29.1.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/132 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28 Eanáir 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 a mhéid a bhaineann le tagairt a chur isteach do dheimhnithe uirlisí ceoil agus mínithe a chur isteach maidir le húsáid na bhfoirmeacha sin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ([2]) a ailíniú leis na rúin ábhartha arna nglacadh nó arna leasú ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol ('an Coinbhinsiún').

(2) I gcomhréir le Rún 16.8 ó Chomhdháil CITES, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/57 ón gCoimisiún ([3]) leasaíodh Airteagal 1 agus Airteagal 2 (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis, chun eisiúint deimhnithe sonracha a cheadú le haghaidh uirlisí ceoil chun a ngluaiseachtaí neamhthráchtála trasteorann a shimpliú.

(3) Is gá leasú den chineál céanna a dhéanamh chun Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) Uimh. 792/2012 a ailíniú.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012, leagtar síos na samhlacha a bhfuil ceadanna, deimhnithe agus doiciméid eile a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 le comhfhreagairt dóibh. Tá Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 á leasú maidir le críoch cód idirbhirt agus foinse. Ba cheart mínithe maidir le húsáid na bhfoirmeacha in Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 792/2012 a leasú dá réir sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an dá Rialachán ón lá céanna.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Thrádáil in Fauna agus in Flora Fiáine.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(4):

'4. Na foirmeacha ar a dtarraingítear suas bileoga leantacha le haghaidh deimhnithe úinéireachta pearsanta, deimhnithe taispeántais taistil agus deimhnithe uirlise ceoil beidh siad i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.'

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus V i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 61, 3.3.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/338/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ón gCoimisiún an 23 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha maidir le dearadh ceadanna, deimhnithe agus doiciméad eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún (IO L 242, 7.9.2012, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/792/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/57 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2015 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le dearadh ceadanna, deimhnithe agus doiciméad eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil agus i Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle (IO L 10, 16.1.2015, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/57/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i bpointe 13 de na 'Treoracha agus mínithe' lena ndéantar ag tagairt do '1 – Bunchóip', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

'D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.'

(b) i bpointe 14 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '1 – Bunchóip', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna E, L, M, N agus Z:

'E Oideachas. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun an t-eiseamal a úsáid i gcláir oideachais nó oiliúna nó lena thaispeáint in institiúid arb é an t-oideachas is príomh-shainchúram di.

L Forfheidhmiú dlí/breithiúnach/fóiréinseach. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamail a aistriú idir gníomhaireachtaí rialtais chun críoch forfheidhmithe dlí, breithiúnach nó fóiréinseach nó chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin.

M Leigheas (lena n-áirítear taighde bithleighis). I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun tástáil, diagnóis, cóireáil nó taighde leighis nó tréidliachta a dhéanamh, lena n-áirítear taighde bithleighis.

N Tabhair isteach athuair nó tabhairt isteach san fhiadhúlra. I gcás ina ndéantar idirbheart chun atreisiú nó athbhunú a dhéanamh laistigh de raon nádúrtha stairiúil speicis, agus chun bunú caomhnúcháin a dhéanamh, arb éard atá ann coilíniú cuidithe agus ionadú éiceolaíoch, lasmuigh de raon nádúrtha stairiúil an speicis.

Z Zúnna. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamal a bhogadh go zú agus/nó uisceadán nó go mbogfaidh zú agus/nó uisceadán eiseamal lena thaispeáint go poiblí nó chun críche cúraim, atáirgthe, oideachais agus feasachta poiblí, taighde eolaíoch, tarrthála, athshlánaithe, nó caomhnúcháin.'

(c) i bpointe 13 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '2 – Cóip don sealbhóir', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

'D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.'

(d) i bpointe 14 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '2 – Cóip don sealbhóir', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna E, L, M, N agus Z:

'E Oideachas. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun an t-eiseamal a úsáid i gcláir oideachais nó oiliúna nó lena thaispeáint in institiúid arb é an t-oideachas is príomh-shainchúram di.

L Forfheidhmiú dlí/breithiúnach/fóiréinseach. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamail a aistriú idir gníomhaireachtaí rialtais chun críoch forfheidhmithe dlí, breithiúnach nó fóiréinseach nó chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin.

M Leigheas (lena n-áirítear taighde bithleighis). I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun tástáil, diagnóis, cóireáil nó taighde leighis nó tréidliachta a dhéanamh, lena n-áirítear taighde bithleighis.

N Tabhair isteach athuair nó tabhairt isteach san fhiadhúlra. I gcás ina ndéantar idirbheart chun atreisiú nó athbhunú a dhéanamh laistigh de raon nádúrtha stairiúil speicis, agus chun bunú caomhnúcháin a dhéanamh, arb éard atá ann coilíniú cuidithe agus ionadú éiceolaíoch, lasmuigh de raon nádúrtha stairiúil an speicis.

Z Zúnna. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamal a bhogadh go zú agus/nó uisceadán nó go mbogfaidh zú agus/nó uisceadán eiseamal lena thaispeáint go poiblí nó chun críche cúraim, atáirgthe, oideachais agus feasachta poiblí, taighde eolaíoch, tarrthála, athshlánaithe, nó caomhnúcháin.'

(e) i bpointe 13 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '3 – Cóip atá le cur ar ais ag an údarás custaim chuig an údarás eisiúna', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

'D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiún ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.'

(f) i bpointe 14 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '3 – Cóip atá le cur ar ais ag an údarás custaim chuig an údarás eisiúna', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna E, L, M, N agus Z:

'E Oideachas. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun an t-eiseamal a úsáid i gcláir oideachais nó oiliúna nó lena thaispeáint in institiúid arb é an t-oideachas is príomh-shainchúram di.

L Forfheidhmiú dlí/breithiúnach/fóiréinseach. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamail a aistriú idir gníomhaireachtaí rialtais chun críoch forfheidhmithe dlí, breithiúnach nó fóiréinseach nó chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin.

M Leigheas (lena n-áirítear taighde bithleighis). I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun tástáil, diagnóis, cóireáil nó taighde leighis nó tréidliachta a dhéanamh, lena n-áirítear taighde bithleighis.

N Tabhair isteach athuair nó tabhairt isteach san fhiadhúlra. I gcás ina ndéantar idirbheart chun atreisiú nó athbhunú a dhéanamh laistigh de raon nádúrtha stairiúil speicis, agus chun bunú caomhnúcháin a dhéanamh, arb éard atá ann coilíniú cuidithe agus ionadú éiceolaíoch, lasmuigh de raon nádúrtha stairiúil an speicis.

Z Zúnna. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamal a bhogadh go zú agus/nó uisceadán nó go mbogfaidh zú agus/nó uisceadán eiseamal lena thaispeáint go poiblí nó chun críche cúraim, atáirgthe, oideachais agus feasachta poiblí, taighde eolaíoch, tarrthála, athshlánaithe, nó caomhnúcháin.'

(g) i bpointe 13 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '4 – Cóip don údarás eisiúna' agus do '5 – Iarratas', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

'D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.'

(h) i bpointe 14 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do '4 – Cóip don údarás eisiúna' agus do '5 – Iarratas', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna E, L, M, N agus Z:

'E Oideachas. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun an t-eiseamal a úsáid i gcláir oideachais nó oiliúna nó lena thaispeáint in institiúid arb é an t-oideachas is príomh-shainchúram di.

L Forfheidhmiú dlí/breithiúnach/fóiréinseach. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamail a aistriú idir gníomhaireachtaí rialtais chun críoch forfheidhmithe dlí, breithiúnach nó fóiréinseach nó chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin.

M Leigheas (lena n-áirítear taighde bithleighis). I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun tástáil, diagnóis, cóireáil nó taighde leighis nó tréidliachta a dhéanamh, lena n-áirítear taighde bithleighis.

N Tabhair isteach athuair nó tabhairt isteach san fhiadhúlra. I gcás ina ndéantar idirbheart chun atreisiú nó athbhunú a dhéanamh laistigh de raon nádúrtha stairiúil speicis, agus chun bunú caomhnúcháin a dhéanamh, arb éard atá ann coilíniú cuidithe agus ionadú éiceolaíoch, lasmuigh de raon nádúrtha stairiúil an speicis.

Z Zúnna. I gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun eiseamal a bhogadh go zú agus/nó uisceadán nó go mbogfaidh zú agus/nó uisceadán eiseamal lena thaispeáint go poiblí nó chun críche cúraim, atáirgthe, oideachais agus feasachta poiblí, taighde eolaíoch, tarrthála, athshlánaithe, nó caomhnúcháin.’

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe 9 de na ‘Treoracha agus mínithe’ ag tagairt do ‘1 –Bunchóip’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

‘D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.’

(b) i bpointe 9 de na ‘Treoracha agus mínithe’ ag tagairt do ‘2 – Cóip don allmhaireoir’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

‘D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.’

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i bpointe 14 de na ‘Treoracha agus mínithe’ ag tagairt do ‘Bunchóip’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró A:

‘A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.’

(b) i bpointe 14 de na ‘Treoracha agus mínithe’ ag tagairt do ‘Cóip don údarás eisiúna’ agus do ‘Iarratas’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró A:

‘A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.’

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i bpointe 9 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do 'Bunchóip', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

'D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.'

(b) i bpointe 9 de na 'Treoracha agus mínithe' ag tagairt do 'Cóip don údarás eisiúna' agus do 'Iarratas', cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna D agus A:

'D Eiseamail speiceas ainmhíoch a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a phóraítear i mbraighdeanas chun críoch tráchtála in oibríochtaí a áirítear sa chlár oibríochtaí a phóraíonn speicis ainmhíocha ó Fhoscríbhinn I chun críoch tráchtála, ar clár é a choinníonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin ar bun, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh, agus eiseamail speiceas plandaí a liostaítear in bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a iomadaítear go saorga chun críoch tráchtála i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.

A Plandaí a iomadaítear go saorga i gcomhréir le Caibidil XIII de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, mar aon le codanna agus díorthaigh díobh.'